**Trascheist mhór i gcomhair freagra i scríbhinn G-001001/2020**
**ar an gCoimisiún**
Riail 139
**Christine Anderson**, **Jörg Meuthen**, **Jérôme Rivière**, **Harald Vilimsky**, **Peter Kofod**, **Laura Huhtasaari**, **Jaak Madison**, **Gunnar Beck**, **Lars Patrick Berg**, **Markus Buchheit**, **Nicolaus Fest**, **Maximilian Krah**, **Joachim Kuhs**, **Sylvia Limmer**, **Guido Reil**, **Bernhard Zimniok**
thar ceann Ghrúpa ID

Ábhar: Cur isteach Uachtarán an Choimisiúin ar thoghcháin na Cróite - sárú ar an gCód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin

Ar an Aoine 3 Iúil, bhí Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin, le feiceáil i bhfíseán bolscaireachta don pháirtí polaitiúil Crótach *Hrvatska demokratska zajednica* (HDZ) i gcomhthéacs na dtoghchán náisiúnta is déanaí. Rinneadh scannánú uirthi ag rá mana feachtais an pháirtí *Sigurna Hrvatska* ('an Chróit shábháilte') i ndorchla de chuid fhoirgneamh an Choimisiúin, fad agus a bhí a teideal oifigiúil le feiceáil ar an scáileán.

Spreag rannpháirtíocht an Uachtaráin san fhíseán racht feirge in AE, óir tá dualgas ar Uachtarán an Choimisiúin fanacht neodrach. De réir Airteagal 9(3) den Chód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin, staonfaidh na Comhaltaí 'ó ráitis phoiblí nó idirghabhálacha a dhéanamh thar ceann aon pháirtí polaitiúil nó eagraíocht pholaitiúil de chuid na gcomhpháirtithe sóisialta ar comhaltaí díobh iad'.

Tá aiféala curtha in iúl ag an gCoimisiún maidir leis an gcás seo, ach tá iarracht déanta aige freisin beag is fiú a dhéanamh dá chuid iarmhairtí. Cé gur ghlac sé leis go ndearnadh botúin theicniúla [1], tá maíte go teanntásach aige gurb é sin 'an cineál ruda is gá a cheadú' [2], agus, ar an gcaoi sin, tá sé ag séanadh go hintuigthe gur tharla sárú ar an gCód Iompair.

1. Ag féachaint go háirithe dá Chód Iompair agus do phrionsabal na neodrachta, cad é measúnú an Choimisiúin ar rannpháirtíocht a Uachtaráin san fhíseán feachtais thuasluaite?

2. Arb é seirbhísí an Choimisiúin a thaifead an físeán?

3. An staonfaidh an Coimisiún ó chur isteach ar thoghcháin sna Ballstáit amach anseo agus an gcomhlíonfaidh sé go hiomlán an oibleagáid atá air fanacht neodrach?

4. Cad iad na hiarmhairtí a bheidh ann d'Uachtarán an Choimisiúin mar thoradh ar a sárú ar an gCód Iompair?

---

[1] *Euobserver* , 'Commission chief under fire for Croatia campaign video', 7 Iúil 2020, https://euobserver.com/institutional/148867
[2] *StarTribune* , 'EU top official criticized for breaching code of conduct', 6 Iúil 2020, https://www.startribune.com/eu-top-official-criticized-for-breaching-code-of-conduct/571640452/